

Ráiteas faoi Bhaile Dhamhliag

1.0 Réamhrá

Cuirfear ar fáil sa ráiteas scríofa seo cur síos gearr agus straitéis forbraíochta do Dhamhliag. Ullmhófar Plean Ceantair Áitiúil mionsonraithe don bhaile le linn shaolré an Phlean seo.

2.0 Comhthéacs/Nádúr an Bhaile

Baile is ea Damhliag atá suite laistigh de Cheantar Cathrach na hInse-Bhaile an Bhiataigh, agus is baile stairiúil é atá suite in oirthear an Chontae, an-ghar don teorainn le Contae Lú. Tá an baile seo suite go straitéiseach i gcóngar lonnaíochtaí móra, Droichead Átha (Lú) agus Baile Brigín (Baile Átha Cliath Thuaidh) san áireamh, agus ní fada uaidh an M1, Pasáiste Bhaile Átha Cliath – Bhéal Feirste trí bhealach an R150.

Feidhmíonn an baile mar lárionad seirbhísí áitiúla. De bharr go bhfuil sé suite in áit thaitneamhach tuaithe, agus go bhfuil sé suite freisin i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, tá forbairt shuntasach chomaitéireachta tarlaithe agus tá athruithe tagtha ar an bpobal áitiúil agus ar shainiúlacht an bhaile. Forbraíodh an baile ar dtús timpeall ar fhaiche lárnach baile le bóithre agus sráideanna mealltacha, cúnga, ach leis an bhforbraíocht le blianta beaga anuas leathnaíodh an baile ó thuaidh agus siar, agus tá fás suntasach tionsclaíoch agus fostaíochta tarlaithe soir ón mbaile.

Raon seirbhísí tráchtála agus miondíola a thairgtear sa mbaile, rud a léiríonn an fheidhm atá ag an mbaile mar lárionad seirbhísí áitiúla agus cóngarach an bhaile do Dhroichead Átha. Tá bonn tábhachtach gnó agus tionsclaíochta ag oibriú i bPáirc Ghnó Dhamhliag, ar phurláin oirthir an bhaile, a bhaineann tairbhe as a chóngaracht do Phurláin Dhroichead Átha ar an bPasáiste Idirnáisiúnta, M1/E1. Tá líon áirithe fostóirí lonnaithe lasmuigh de teorainn an bhaile, i limistéar Bhaile Chearráin/Phlaitín i leataobh ó Bhóthar Dhroichead Átha (R152), a thugann fostaíocht shuntasach do Dhamhliag agus an ceantar mórthimpeall air.

Áit san Ordlaithas lonnaíochta	Baile beag – An aidhm atá ann ná freastal ar an bhforbairt a chruthaítear go háitiúil agus a chinntiú go dtarlaíonn an fás in éineacht le seirbhísí, bonneagar agus an t-éileamh áitiúil.	
Daonra	4,219 i nDaonáireamh 2016 3,988 i nDaonáireamh 2011	Céatadán d’athrú 2011 go 2016 5.4% méadú
Teaghlach Croí-straitéise Leithdháileadh 2020-2026	303 líon aonad	
Réamh-mheastachán Daonra 2026	4,719	
Oibrithe Cónaitheacha 2016	1,692	
Líon Iomlán Post 2016	501	
Poist: Cóimheas an Fhórsa Saothair 2016	0.29	
Dlús molta forbairtí	25 aonad /heictéar	

amach anseo	
Áiseanna Oideachais	Tá bunscoil do bhuachaillí & cailíní suite lasmuigh de theorainn an bhaile ar Bhóthar na Mainistreach siar ó dheas ó lár an bhaile. 6 líon 6 áiseanna cláraithe Cúraim Leanaí & Montessori. Níl aon mheánscoil sa bhaile.
Áiseanna Pobail	Stáisiún na nGardaí; Lárionad Sláinte; Leabharlann; Oifig Phoist; líon 2 Páirceanna imeartha; AFC Dhamhliag; Dhamhliag-Baile an Bheileogaigh CPG Club Lúthchleasa Dhamhliag & an Cheantair Mháguaird; Galf Dhá Mhaide 18 Poll; Eaglais Chaitliceach; Lárionad an Pharóiste; agus na Cionrannta
Limistéir Chaomhantais Ailtireachta	Níl aon Limistéar Caomhantais Ailtireachta suite sa bhaile.
Déanmhais Chosanta	Tá 14 struchtúr cosanta sa bhaile.
Crios Acmhainneachta Seandálaíochta	Sin atá ann
Seirbhísí -Seirbhísí & Acmhainn Uisce agus Fuíolluisce	Toilleadh le fáil i gCóras Cóireála Fuíolluisce Dhamhliag. Toilleadh teoranta sa soláthar uisce do Dhamhliag arna fhoinsiú ó scéim Sholáthar Uisce Oirthear na Mí /Córas Cóireála Fuíolluisce Steach Luíne.
Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte	Measúnú Straitéiseach ar Phriacal Tuile de dhíth. Tá Criosanna Riosca Tuile A & B sainaitheanta laistigh den bhaile mar go bhfuil limistéir i mbaol ó thuilte ón Ainí. Tá an fhorbraíocht atá ann faoi láthair cosanta ag Scéim Faoisimh Tuile Dhamhliag de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí.
Láithreáin Natura 2000	Níl aon láithreán Natura 2000 laistigh de theorainn an phlean. Tá an Ainí, a sníonn ó dheas ó lár an bhaile, nasctha go hidreolaíoch le Limistéar Speisialta Caomhnaithe (Suíomh 004158) Inbhear & Cladach na hAiní atá suite tuairim is 12km síos an abhainn ó Dhamhliag.

3.0 Fís

Tá an fhís straitéiseach mar bhonn agus mar thaca leis an gcur chuige i leith Dhamhliag agus mar threoir le forbairt Dhamhliag i mbealach inbhuanaithe, agus i mbealachaléiríonn sainiúlacht agus áiseanna an cheantairmar atá siad faoi láthairar mhaithe lefeabhas a chur ar cháilíocht na beatha don phobal atá ann agus a bheidh ann amach anseo. Táthar ag féachaint leis an bhfís le:

‘Fás inbhuanaithe Dhamhliaga chur chun cinn, tríd an lár baile saibhir, stairiúil a chomhtháthú agus a dhéanamh níos mealltaí, agus a ról mar bhaile beag agus mar lárionad áitiúil seirbhíse a chur chun cinn.’

4.0 Deiseanna

- Fás comhdhlúite – de bharr go bhfuil tailte seirbhísithe laistigh de chroílár uirbeach an bhaile tá deiseanna ann ar fhorbairt a chomhdhlúthú amach anseo ar thailte faoi fhad siúil ó lár an bhaile.

- Earnáil Láidir Gheilleagrach - Creat dearfach solúbtha a bhunú don fhorbairt gheilleagrach, agus do chruthú jabanna, a bheidh bunaithe ar láidreachtaí áitiúla agus ar bhearta cuí chun forbairt agus feabhsú Pháirc Ghnó Dhamhliag a chur chun cinn.
- Fás na Turasóireachta - Acmhainn i nDamhliag nár baineadh leas aisti ar an mór gcóir is ea an Ainí agus na naisc le Cath na Bóinne, acmhainn a bhfuil an poitéinseal inti, le forbairt leochaileach, cuairteoirí agus turasóirí a mhealladh chuig an mbaile.
- Poitéinseal don nascacht bhreisithe - Cur leis an líonra iompair atá ann faoi láthair, agus san áireamh leis sin tá soláthar seachbhóthair siar ó dheas ó lár an bhaile, chun tréscailteacht agus nascacht a mhéadú do choisithe, rothaithe agus feithiclí, d'fhonn rochtain a chumasú ar phríomhúsáidí talún ar nós áiseanna pobail agus tailte zónáilte agus chun feabhas a chur ar éascaíochta gluaiseachta trí shráideanna cúnga, stairiúla an bhaile.
- Poitéinseal do líonra Infreastruchtúr Ghlais - 'Coimín Dhamhliag', an Ainí, an Paramadda agus Rian Oidhreachta Dhamhliag a chomhtháthú in aon líonra Infreastruchtúr Ghlais ilfheidhmeach amháin agus baile sláintiúil a éascú trí líonra idircheangailte páirceanna, spáis oscailte, fála sceach, tailte féaraigh agus sruthchúrsaí.

5.0 Straitéis Talamhúsáide

Díreofar leis an straitéis forbartha do Dhamhliag ar thacú le forbairt leanúnach an bhaile mar lárionad áitiúil seirbhíse.

Tá Páirc Ghnó Dhamhliag ag feidhmiú go maith agus ag baint tairbhe as nascacht leis An Uaimh agus Droichead Átha agus an réigiún mór tríd an líonra náisiúnta agus réigiúnach bóithre. Tá an cumas ag an bPáirc Ghnó glacadh le fiontraíocht agus fostaíocht eile. Beifear ag tacú i gcónaí leis an bPlean seo le fairsingiú na Páirce Gnó, rud a neartóidh bonn geilleagrach an bhaile.

Beidh an fás cónaitheach sa bhaile ag teacht leis an ainmniú atá ag Damhliag sa ghrádlathas lonnaitheach mar Bhaile Beag. Tá líon áirithe dáileachtaí talún suite go lárach gar do lár an bhaile agus don Pháirc Ghnó, a bheadh mar cheangal idir na limistéir sheanbhunaithe cónaitheacha agus croílár uirbeach an bhaile, agus mar bhealach lena chinntiú ag an am céanna gur laistigh den imchlúdach thógtha atá ann faoi láthair a dhéanfaí forbraíocht nua ar bith.

I dteannta leis na láithreáin mhóra inlíontacha tá freisin líon áirithe deiseanna beaga inlíontacha ar réadmhaoin chónaitheach atá ann faoi láthair nó ar thailte ar láithreáin atfhorbraíochta a bhfuil an cumas iontu glacadh le cóiríocht chónaitheach.

5.1 Lonnaitheacht agus Tithíocht

Is éard tá sa bhforbraíocht chónaitheach i nDamhliag ná comhchruinniú d'fhorbraíochtaí beaga ar na bóithre isteach sa bhaile. Idir na forbraíochtaí seo agus lár an bhaile tá tithe aonair ar cheapacha móra talún mar aon le dáileachtaí móra tailte úrnua neamhfhorbartha.

Agus é seo á scríobh bhí tuairim is 85 aonad ar marthain sa bhaile atá fós lena dtógáil, agus dhá fhorbraíocht chónaitheacha á dtógáil sa bhaile.

Glacfar cur chuige níos seiceamhaí i leith forbartha cónaithí sa bhaile amach anseo agus tabharfar tosaíocht do thailte níos gaire do lár an bhaile agus don Pháirc Ghnó agus do thailte tearcúsáidte inlíontacha agus tailte athfhorbraíochta.

Ba cheart go gcuimseodh aon fhorbairt meascán cuí de thithíocht a fhreastalaíonn ar riachtanais an phobail iomláin.

5.2 Eacnamaíocht agus Fostaíocht

Sainnithnítear Damhliag mar lárionad miondíola ag Leibhéal 4 sa ghrádlathas Miondíola Contae. Is é an fheidhm atá aige ná seirbhísí miondíola áitiúla / comharsanachta a sheachadadh a fhreastalaíonn ar an daonra is gaire dhó amháin. Beidh an bhéim sa bhforbairt miondíola ar an gcomhdhlúthú seachas ar an bhfairsingiú.

Tá gníomhaíochtaí tráchtála agus miondíola suite go príomha taobh leis an bPríomhshráid, agus tá dhá limistéar shoiléire ar leith ann. Tá an lár baile traidisiúnta ag lár an bhaile taobh le faiche an bhaile, agus tá forbairt níos déanaí úsáide measctha, lena gcuimsítear úsáidí miondíola agus cónaitheacha, níos faide síos an Phríomhshráid os comhair forbartha cónaithí ‘Mill Race’ amach. D’fhonn an lár baile traidisiúnta a chomhdhlúthú agus an leibhéal folúntas a laghdú, ba cheart forbairt nua miondíola agus tráchtála a threorú chuig an lár baile traidisiúnta, na haonaid fholmha atá ann faoi láthair agus na láithreáin inlíontacha atá sainitheanta ann. Bheadh sé seo ina chabhair do chomhdhlúthú agus láidriú an bhoinn mhiondíola atá ann faoi láthair i nDamhliag.

Tá ról ag Damhliag i soláthar riachtanais fostaíochta na cúltíre áitiúla mar go bhfuil sé sainitheanta mar Lárionad Áitiúil Fostaíochta chun freastal ar cheantar leathan Oirthear na Mí. Is iad an déantúsaíocht agus gníomhaíochtaí gaolmhara leis sin na hearnálacha is láidre sa bhaile agus tá bonn tábhacht tionsclaíoch agus gnó sa Pháirc Ghnó in oirthuaisceart an bhaile. Tá monarcha Irish Cement ag Plaitín agus áis Waste-to-Energy Indaver ag Droichead Chearbhalláin ina bhfostóirí suntasacha freisin atá suite gar do Dhamhliag.

Féadann creatlach shaibhir stairiúil Dhamhliag agus an suíomh mealltach tuaithe ina bhfuil sé bheith ina chuidiú eile chun feabhas agus forbairt a chur ar tháirge inbhuanaithe turasóireachta. Tá an poitéinseal sa bhaile chomh maith bheith ina chuidiú le feabhas eile a chur ar íomhá na Mí mar Cheanncheathrú Oidhreachta na hÉireann, trí fhorbairt a dhéanamh ar Rian Oidhreachta Dhamhliag agus ar bhaint stairiúil an bhaile le Cath na Bóinne. Cuirfidh an tÚdarás Pleanála chun cinn, spreagfaidh agus éascóidh sé le forbairt na turasóireachta inbhuanaithe i nDamhliag tríd an oidhreacht thógtha agus nádúrtha a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú.

5.3 Bonneagar

Soláthraítear uisce do Dhamhliag ó Scéim Sholáthar Uisce Oirthear na Mí, a fhreastalaíonn ar cheantar mór. Is í an phríomhfhoinsé uisce ná Ionad Cóireála Uisce Steach Lúine in aice le Dún Uabhair. Tá an toilleadh sa soláthar uisce teoranta mar gur mór aird a thabhairt ar na ceadanna suntasacha pleanála atá ar marthain d’aonaid chónaitheacha iomadúla atá ceadaithe i bPurláin Dhroichead Átha, Cill Dhéagláin, Ráth Tó, An Inse/ Baile an Bhiataigh agus Steach Maoilín ach go háirithe.

Cuireadh uasghrádú mór caipitiúil mar aon le fairsingiú i gcrích go rathúil ar Scéim Séarachais Dhamhliag in 2010 agus soláthraíodh líonra nua-aoiseach séarachais a bhfuil an cumas ann freastal ar riachtanais fuíolluisce anois agus amach anseo.

5.4 Tuilte

Déantar iarracht le Scéim Faoisimh Tuile Dhamhliag de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí baile Dhamhliag a chosaint ón Ainí agus an riosca tuile a ghabhann léi. Tagann sruthchúrsa ón tuaisceart agus sníonn sé seo agus an Ainí le chéile i lár an bhaile. In ainneoin na gcosaintí in aghaidh tuile, tá sé sainaitheanta ag an Measúnú Straitéiseach Riosca ó Thuile ar tugadh faoi i gcomhair an chontae, go bhfuil limistéar mór go leor talún laistigh den theorainn forbraíochta an bhaile, laistigh de Chrios Tuile A & B (Feic Léarscáil ** in Imleabhar**).

Chun an priacal tuile amach anseo a chosc nó a íoslaghdú, cuirfear cur chuige riosca-bhunaithe I dtaca le bainistiú tuile i bhfeidhm i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sna *“Treoirlínte um an Chóras Pleanála agus Bainistiú Priacal Tuile d’Údaráis Phleanála”* (2009).

5.5 Gluaiseacht

Is mór a chuaigh inrochtaineacht Dhamhliag i gcion ar oibriúcháin fostaíochta agus gnó sa bhaile agus insna purláin, agus bhí cóngarachacht d’Acomhail 8 & 9 ar Mhótarbhealach M1 (Pasáiste Bhaile Átha Cliath – Béal Feirste) mar thionchar mór ina leith seo. Is ceart an inrochtaineacht seo a mheaitseáil le gluaiseacht bhreisithe agus tréscailteacht sa bhaile.

Téann an R150 trí lár an bhaile agus bíonn trácht throm dá bharr sin. Tá tograí breisithe don mhoilliú/bainistíocht tráchta ullmhaithe chun feabhas a chur ar cháilíocht agus eispéireas an fhearainn phoiblí sa ghearrthearma agus cuirfear i bhfeidhm iad seo le linn shaolré an phlean seo. Sa bhfadtearma is gá trácht throm a chur ar mhalairt slí ó lár an bhaile, agus rogha féideartha amháin atá ann ná nasc seachbhóthair san iardheisceart.

Sa chroílár stairiúil, teastaíonn straitéis bhainistíochta agus feabhsaithe tráchta chun déileáil le deacrachtaí tráchta a thagann chun cinn sa limistéar ar a dtugtar an ‘Lanes District’. Lánaí cúnga is mó atá anseo agus ailíniú casta orthu agus bíodh is gur gné de shainiúlacht an limistéir na lánaí, ní oireann siad do riachtanais nua-aoiseacha na gcoisithe agus na bhfeithiclí.

Tá sé mar phríomhthosaíocht ag an bplean go mbeadh tréscailteacht leantach, bhreisithe laistigh de lár an bhaile agus idir lár an bhaile agus na limistéir chónaitheacha taobh leis. Tá tús áite i gcónaí ag cosáin leordhóthanacha, soilsiú poiblí agus soláthar lánaí nua rothaíochta insna hoibreacha feabhsaithe ar an mbaile.

5.6 An Oidhreacht Cultúrtha agus Náisiúnta

Téann bunúis Dhamhliag siar go dtí lonnaitheacht sheanda Chríostúil mhainistreach. Mar gheall ar na bunúis sheanda mhainistreach seo, tá saibhreas gnéithe seandálaíochta sa bhaile. Tá dhá ‘Chrios

Poitéinsil Seandálaíochta' sainaitheanta, ceann díobh timpeall ar Eaglais Chianáin agus ar an bPríomhshráid agus an dara ceann gar don Ainí ag Prioryland.

Sainaitníodh sa Taifead Struchtúr Cosanta líon iomlán de 13 struchtúr sa bhaile.

Féachtar leis an bPlean seo le sainiúlacht agus suíomh na struchtúr cosanta agus na limistéar a bhfuil suim seandálaíochta ag baint leo a chaomhnú agus a fheabhsú.

I dtéarmaí na hoidhreacht náisiúnta, tá Ceantar Oidhreacht Náisiúnta amháin beartaithe (pNHA) ar a dtugtar Coimín Dhamhliag (cód suímh: 001578). Iarratas ar bith ar phleanáil a bhfuil forbairt beartaithe aige laistigh de limistéar Coimín Dhamhliag nó taobh leis, éileofar go mbeidh measúnú tionchair éiceolaíoch in éineacht leis, lena measúnófar tionchar an togra ar an limistéar ata ainmnithe don chaomhnú.

5.7 Bonneagar Glas

Tá sé ina phríomhdhúshlán do Dhamhliag an fás a bhainistiú sa chaoi go gcoimeádfar sócmhainní nádúrtha an bhaile i mbealach a chosnóidh acmhainní nádúrtha agus cultúrtha an bhaile don todhchaí.

I nDhamhliag tá roinnt gnéithe infreastruchtúir ghlais gur féidir iad a chatagóiriú i dtéamaí difriúla, an bhithéagsúlacht san áireamh; páirceanna, spás oscailte agus áineasa; bainistiú inbhuanaithe uisce; oidhreacht seandálaíochta agus ailtireachta; agus tírdhreach. Tá líon áirithe de na gnéithe sainaitheanta i rannáin den Phlean roimhe seo, Coimín Dhamhliag, An Ainí, Abhainn Paramadda, tuilemhá, Rian Oidhreacht Dhamhliag, struchtúir chosanta, gnéithe seandálaíochta, suíomhanna ainmnithe agus Faiche an Bhaile.

Féachtar leis an bplean seo le soláthar an infreastruchtúir ghlais a chomhtháthú le soláthar agus malartú an infreastruchtúir, ar a n-áirítear bealaí siúil agus rothaíochta, de réir mar is cuí, agus ag an am céanna an bhithéagsúlacht agus acmhainní tírdhreacha eile a chosaint, Coimín Dhamhliag agus bruach na hAiní san áireamh. Féachtar leis chomh maith lena chinntiú go mbaintear amach glanmhéadú san infreastruchtúr glas i gcaitheamh thréimhse an phlean, trí chrainn a chur agus trí díonta agus ballaí glasa a sholáthar laistigh de lár an bhaile. Rannchuideofar le tógáil infreastruchtúir inbhuanaithe ghlais don bhaile leis na bearta praiticiúla seo ar fad, slí a dhéanamh do riachtanais an stórála fheidhmiúil tuilte, an bhithéagsúlacht a nascadh, soláthar a dhéanamh do Chórais Inbhuanaithe Draenála (SuDS) agus soláthar páirceanna agus spás oscailte.

5.8 Bonneagar Sóisialta

Tá grúpaí agus eagraíochtaí pobail ar an infreastruchtúr sóisialta is tábhachtaí sa bhaile agus tá sé d'ádh ar Dhamhliag go mbaineann sé tairbhe as an-chuid grúpaí agus cumainn ghníomhacha. Léirítear le dhá thionscnamh le déanaí, soláthar an chéad chórais TCI pobal-bhunaithe sa tír agus an Áis Pobail uileghabhálach Cheantar Dhamhliag & Bhaile an Bheileogaigh atá beartaithe ar fhorais CLG, chomh beoga is atá an pobal i gcoitinne. Tá sé d'aidhm ag Clár Athbheochana Dhamhliag, cur leis an gcuma atá ar príomhlimistéir an bhaile agus é a fheabhsú trí chlár d'heonacha agus clár pobail eile.

Tá roinnt mhaith áiseanna pobail agus spóirt ag Damhliag agus is den tábhacht é go gcoimeádfaí na haiseanna pobail seo agus go gcuirfí leo chun freastal ar gach aois-ghrúpa.

5.9 Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

Moltar leis an bPlean go ndéanfaí forbraíocht ar ardchaighdeán a bheadh dea-dheartha, dea-thírdhreachaithe agus a mbeadh an cumas ann timpeallacht a chur ar fáil a bheadh ar scála cuí, agus a bheadh ag teacht le sainiúlacht stairiúil, saoráidí, timpeallacht, oidhreacht agus tírdhreach an bhaile.

Ní mór do gach forbraíocht i nDamhliag éascú le soláthar nó feabhsú na bpríomháiseanna infreastruchtúir nó pobail. Meastar go bhfuil sé riachtanach go mbainfí leas as dearadh ar ardchaighdeán, as ábhair chuí agus as leagan amach ardcháilíochta d'fhonn a chinntiú go mbeidh forbraíocht nua ina rannchuidiú dearfach le Damhliag agus ina chabhair le lonnaíocht mhealltach, inbhuanaithe a chruthú.

6.0 Cuspóirí Forbartha Baile

Mar phointe soiléireachta tá na Beartais agus na Cuspóirí atá leagtha amach thíos anuas orthu siúd atá sa Ráiteas Scríofa in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrá a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

Beartas

Is é beartas na Comhairle:

DAMHLIAG BEARTAS 1 Tacú le fás inbhuanaithe Dhamhliag i mbealach a ligeann don bhaile a fheidhm a chomhlánú mar lárionad áitiúil seirbhíse, trí chomhdhlúthú seirbhísí gnó agus miondíola i lár an bhaile, agus fás na fostaíochta i bPáirc Ghnó Dhamhliag a chur chun cinn, agus nascacht idir limistéir chónaitheacha agus lár an bhaile a fheabhsú.

Cuspóirí Is cuspóir ag an gComhairle é:

Lonnaíocht agus Tithíocht

DAMHLIAG SS CUSP 1 Deimhin a dhéanamh de go gcuirfear Croí-straitéis an Phlean Forbartha don Chontae, sa mhéid gur féidir é, trína chinntiú nach sárófar an leithdháileadh teaghlach do Dhamhliag mar atá leagtha amach i dTábla 2.11 den Chroí-straitéis.

DAMHLIAG SS CUSP 2 Bheith ag tacú agus ag spreagadh forbraíocht chónaitheach ar thalamh tearcúsáidte agus/nó tailte folmha ar a n-áirítear suíomhanna 'inlíontacha' agus 'athfhorbraíochta', faoi réir ag ardchaighdeán deartha agus leagan amach bheith bainte amach.

Eacnamaíocht agus Fostaíocht

- DAMHLIAG ED CUSP 1** Éascú le forbairt fostaíochta agus fiontraíochta ag gnó áitiúil laistigh de Pháirc Gnó Dhamhliag agus cinntiú go gcoimeádtar an Pháirc Gnó d'úsáidí gnó agus fostaíochta de réir na zónála sainiúla úsáide talún.
- DAMHLIAG ED CUSP 2** Bheith ag spreagadh athúsáide agus athghiniúint tailte agus réadmhaoin folmha nó tréigthe d'úsáidí cuí a dhéanfadh lár an bhaile a chomhdhlúthú agus a athbheochan.
- DAMHLIAG ED CUSP 3** Bheith ag spreagadh, ag misniú agus ag éascú le forbairt na turasóireachta inbhuanaithe i nDamhliag trí fheabhas agus forbairt a chur arís ar Rian Oidhreachta Dhamhliag agus baint stairiúil an bhaile le Cath na Bóinne.

Bonneagar

- DAMHLIAG INF CUSP 1** Teagmháil agus tacú a thabhairt d'Uisce Éireann i soláthar seirbhísí uisce leordhóthanacha chun freastal ar riachtanais forbartha Dhamhliag laistigh de thréimhse an Phlean.
- DAMHLIAG INF CUSP 2** Cabhrú le hOifig na nOibreacha Poiblí i bhfeidhmiú moltaí an Staidéir Bhainistíochta ar Mheasúnú Riosca Tuile Fhine Gall Oirthear na Mí (FEMFRAMS) de réir mar atá feidhm acu chun na cosaintí tuile atá ar bun i nDamhliag a neartú a thuilleadh.
- DAMHLIAG INF CUSP 3** Rioscaí tuilí agus forbairt i nDamhliag a bhainistiú de réir na mbeartas agus na guspóirí atá leagtha amach rannán 6.7.2 d'Imleabhar 1 den Phlean Forbartha don Chontae 'Flood Risk Management'.

Gluaiseacht

- DAMHLIAG MOV CUSP 1** Iniúchadh a dhéanamh ar indéantacht an tseachbhóthair R150 do Dhamhliag siar ó thuaidh ón mbaile agus soláthar an tseachbhóthair sin a chur ar aghaidh.
- DAMHLIAG MOV CUSP 2** Tabhairt faoi na feabhsúcháin seo a leanas i nDamhliag:
- I) An t-acomhal idir an R150 agus Bóthar an Longfoirt a uasghrádú;
 - II) Cosáin a sholáthar/a uasghrádú nó a fhairsingiú de réir mar is cuí taobh le Sráid Larrix ag síneadh ó Chúirt Larrix go dtí Lána na hEaglaise agus an R510, agus taobh leis The Steeples ó Bhóthar an Longfoirt go dtí Bóthar na hUaimhe (R150) agus i dtreo na Hawthorns.
 - III) Soláthar a dhéanamh do chosán ar an R150 idir na hacomhail le Lána na hEaglaise agus The Steeples.
 - IV) Gabháil le bearta moillithe tráchta ag acomhal Bhóithre Bhaile an Cheantaigh agus Bhaile na Rátha trí bhearta ar nós timpealláin agus soláthair rochtana ó Carey's Lane chun freastal ar chúiltailte ar an bPríomhshráid.

- V) Straitéis bhainistíochta agus feabhsaithe tráchta a ullmhú chun déileáil le deacrachtaí tráchta a thagann chun cinn sa limistéar ar a dtugtar 'Lanes District'

An Oidhreacht Cultúrtha agus Náisiúnta

DAMHLIAG CNH CUSP 1	Athúsáid foirgneamh stairiúil Dhamhliag a chur chun cinn áit a bhfuil siad fágtha folamh nó tearcúsáidte agus an rannchuidiú a fhéadann siad a dhéanamh le forbairt gheilleagrach, turasóireachta, oideachais agus tréithe aeistéitiúla thírdhreach Dhamhliag agus lár an bhaile a aithint.
DAMHLIAG CNH CUSP 2	Luach caomhnaithe Choimín Dhamhliag pNHA a chothabháil agus cur leis, áit is féidir, faoi réir ag measúnú sásúil éiceolaíoch.
DAMHLIAG CNH CUSP 3	Tacú le forbairt bealaigh nua do choisithe ó Pháirc Ryan go dtí Seandroichead na hAiní a bheidh mar nasc idir limistéir forbraíochta atá ann faoi láthair agus na cinn nua sa bhaile.
DAMHLIAG CNH CUSP 4	Tacú le forbairt siúláin línigh agus limistéir áineasa ag gabháil leis taobh leis an Ainí agus Abhainn Paramadda, faoi réir ag aon mheasúnuithe comhshaoil agus fáil a bheith ar acmhainní.
DAMHLIAG CNH CUSP 5	'Nasc glas' a fhorbairt ar fud an bhaile, féachaint le rianta oidhreachta agus áineasa atá ann agus atá beartaithe sa bhaile a nascadh le chéile.

Sóisialta

DAMHLIAG SOC CUSP 1	Gabháil le forbairt limistéir áineasa shibhialta agus spórt liathróide I gcóngar Sampson's Field taobh thiar d'Eastát Millrace agus é seo a nascadh le líonra siúlán sa bhaile.
---------------------	---

Dearadh Uirbeach agus Fearann Poiblí

DAMHLIAG UD CUSP 1	Cinntiú go gcuireann forbairt ar bith a dhéantar i lár an bhaile feabhas agus maisiú ar shráid-dhreach Dhamhliag.
--------------------	---